



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission**

Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath

S93/05

Chuibh: Údaráis Bhainistíochta Scoileanna Dara Leibhéal

Maidir le: Úsáid Áireamhán sna Scrúduithe Teistiméireachta

Ceadaítear áireamhán eolaíochta, neamh-inríomhchláraithe sna scrúduithe teistiméireachta i ngach ábhar. (Féach Riail 74 sna *Rialacha agus Clár do Mheánscoileanna*). D'fhéadfadh easpa soiléireachta a bheith ag baint leis na gnéithe a bhaineann leis na háireamhán a cheadaítear a úsáid sna scrúduithe mar gheall ar an dul chun cinn i dteicneolaíocht na n-áireamhán le deireanas. Dá réir sin, tá leasú déanta ar an riail áirithe chun an méid a bhí i gceist sa bhunriail a shoiléiriú i bhfianaise an dul chun cinn seo.

Dá thoradh sin, beidh an leagan leasaithe seo a leanas de Riail 74 i bhfeidhm sna Scrúduithe Teistiméireachta go léir i mí an Mheithimh 2006 agus ina dhiaidh sin, go dtí go bhfógrófar a mhalairt:

74. Ní mór do gach iarrthóir a théann faoi scrúdú i Staidéar Foirgníochta, Líníocht Theicniúil, Innealtóireacht, Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad) nó sa Ghrafaic Theicniúil, clár líníochta a thabhairt leis/léi, mar aon le T-bhacart, scálaí, dronbhacairt, uillinntomhas, compás, peann luaidhe, cuimleoir, agus fáiscíní líníochta nó téip.

Ceadaítear d'iarrthóirí uirlisí líníochta matamaitice a úsáid do na scrúduithe go léir. Ceadaítear stionsail eolaíochta a úsáid sna hábhair Eolaíochta. Ceadaítear sreang a úsáid sa scrúdú Tíreolaíochta mar aon le snáithín, gloine méadaithe, agus opasaiméadar.

Ach amháin i gcás go sonraítear a mhalairt sa siollabas sonrath agus ar an bpáipéar scrúdaithe sonrath, ceadaítear áireamhán a úsáid sna scrúduithe go léir, faoi réir an mhéid seo a leanas:

- (a) Ní sholáthróidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ná Coimisiún na Scrúduithe Stáit áireamhán d'iarrthóirí. Ní bheidh freagracht ar ionad scrúdaithe i soláthar áireamhán ná batairí.
- (b) Is é an t-iarrthóir a fhéachfaidh chuige go bhfuil an t-áireamhán ag obair i gceart. Ní dhéanfar aon chúiteamh má theipeann ar bhatairí nó ar an áireamhán le linn an scrúdaithe.
- (c) Níor chóir aon ghleo a chloisint ón áireamhán agus níor chóir a bheith ag brath ar phríomhlíonra leictreach.
- (d) Níor chóir áireamhán a fháil ar iasacht ó iarrthóirí eile i gcaitheamh an scrúdaithe.
- (e) Ní cheadaítear áireamhán in-ríomhchláraithe. Ciallaíonn "in-ríomhchláraithe" aon áireamhán atá in ann seicheamh eochairbhuillí a stóráil a fhéadfar a aisghabháil tar éis cumhacht an áireamhán a mhúchadh nó nuair a mhúchann an chumhacht uaidh féin. Ní hionann áireamhán a bheith in-ríomhchláraithe agus an cumas a bheith ann áirimh atá ríomhtha cheana féin a athghlaoch, a athchóiriú agus a athsheinm, ar an gcoinníoll go nglantar an chuimhne athsheinme seo nuair a mhúchtar cumhacht an áireamhán. Chomh maith leis sin, níl áireamhán in-ríomhchláraithe mar gheall ar an áis a bheith ann chun uimhreacha a stóráil in ionad cuimhne amháin nó breis.

- (f) Ní cheadaítear aon áireamhán leis na saoráidí matamaitice seo a leanas:
- graf-bhreacadh
 - réiteach cothromóidí
 - ionramháil shiombalach ailgéabrach
 - suiméail uimhriúil
 - difreáil uimhriúil
 - ríomhanna maitríse
- (g) Ní cheadaítear aon áireamhan leis na saoráidí ginearálta seo:
- bunachair sonraí
 - foclóirí
 - aistritheoirí teangacha
 - aisghabháil téacs
 - cumas cianchumarsáide
- (h) Ní foláir d'iarrthóirí a chur in iúl ar a leabhair freagraí cén déantús agus cineál áireamhán(áin) a úsáideadh sa scrúdú.
- (i) Níl cead ag iarrthóirí lámhleabhar treoracha a thabhairt isteach i halla na scrúduithe. San áireamh anseo, tá treoracha atá clóite ar chlúdach an áireamháin. Ní mór treoracha ar bith atá ar chásáil nach féidir a bhaint den áireamhán a chlúdach go daingean.
- (j) Níl cead ag iarrthóirí na háireamháin a chur ar siúl go dtosaíonn an scrúdú.

Ní cheadaíonn an rial seo d'iarrthóirí aon ghaireas a bheadh in aon slí eile coiscthe, a thabhairt isteach in ionad na scrúduithe. Go háirithe, ní cheadaítear fón póca, eagraí leictreonach nó gairis eile mar sin i gcúinse ar bith. (Féach rial 65.)

Iarrtar ort na múinteoirí agus na mic léinn a mbaineann an scéal leo a chur ar an eolas maidir leis an gclár seo.

Iarrtar ar údaráis scoileana dara leibhéal cóip den chiorclán seo a chur ar fáil d'ionadaithe tuismitheoirí agus múinteoirí ar an mBord Bainistíochta, más ann dó, nó d'ionadaithe Chumann na dTuismitheoirí/Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí nó d'ionadaithe cuí eile de chuid na dtuismitheoirí/múinteoirí lena chur ar aghaidh go dtí tuismitheoirí agus múinteoirí indibhidiúla.

Aidan Farrell
Stiúrthóir na nOibriúchán
Nollaig 2005